Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. GX 2793

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Scrúduithe Sheimeastar II, 2003/2004

Teimpléad don Chéad Leathanach

Có(i)d Scrúdaithe	1BA1, 1BA6, 1BA7, 1OA1, 1EM1
Scrúdú/Scrúduithe	Na Dána – An Chéad Bhliain
Có(i)d Modúil	SP101
Modú(i)l	Eolas Tosaigh ar Shocheolaíocht/Socheolaíocht na hÉireann
Uimh. Páipéir	1
Páipéar Athscrúdaithe	Páipéar Speisialta
Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a)	An tOllamh Richard Jenkins
Scrúdaitheoir(í) Inmheánach(a)	An tOllamh Chris Curtin, an Dr Anne Byrne, an Dr Su-ming Khoo, Ms. Marilyn Moylan agus Ms. Henrike Rau
Treoracha:	Caithfidh tú iarracht a thabhairt ar THRÍ cheist. Roghnaigh trí cheist AR BITH ón liosta thíos. Tá trí huaire an chloig agat.
Fad ama	3 huaire an chloig
Líon na bhFreagarleabhar	1
Riachtanais: Bileog le tabhairt amach	
Roinn/Ranna	Eolaíocht Pholaitiúil agus Socheolaíocht

SP101 – Eolas Tosaigh ar Shocheolaíocht/Socheolaíocht na hÉireann

Am ceadaithe: TRÍ huaire an chloig
Freagair TRÍ cheist ar fad

1. Cad atá i gceist le 'smaointeoireacht shocheolaíoch'? Mínigh agus pléigh roinnt de na príomhspéiseanna a bhí ag duine amháin nó níos mó ná duine amháin de na mórsmaointeoirí socheolaíocha.

2. Pléigh agus scrúdaigh idéanna Max Weber maidir le réasúnaíocht agus maorlathas i sochaí an lae inniu. An dtéann smaointeoireacht réasúnaíoch chun sochair i gcónaí do shochaí an duine?

3. Diúltaíonn go leor socheolaithe don choincheap a bhaineann le 'nádúr an duine'. Ina áit sin, breathnaíonn siad ar an nádúr mar thoradh a bhíonn ar chultúr. Pléigh agus úsáid samplaí chun níos mó pointí ginearálta a léiriú.

4. Déan comparáid agus codarsnacht idir teoiricí Freud agus Mead faoi shóisialú. Cé mhéad béime a chuireann siad ar na próisis fhorbarthacha a thiteann amach níos déanaí i saol an duine?

5. Déan comparáid agus codarsnacht idir na mínithe a chuir Karl Marx, Max Weber, agus Kingsley Davis agus Wilbert Moore chun cinn maidir le héagothroime idir aicmí.

6. Déan an ráiteas a deir gur "tógálacha sóisialta" iad claonas agus coireacht a mheas.

7. TABHAIR FREAGRA AR a) NÓ b)
   a) Déan cur síos agus tabhair míniú ar na hathruithe a tharla i struchtúir na n-inscní agus an teaghlaigh in Éirinn le himeacht ama. Cén chaoi, dar leat, a bhfuil tionchar acu ar mhná, fir agus páistí i sochaí na hÉireann?

   b) Pléigh peirspictíochtaí feidhmiúla AGUS peirspictíochtaí feimineachais i dtaobh struchtúir na n-inscní agus an teaghlaigh. Cad iad na príomhdhifríochtaí idir an dá pheirspictíocht?

8. Breathnaítear ar an oideachas mar "...phríomhmheán chun nuachóiriú a chur i bhfeidhm agus mar phríomhuirlis chun athrú sóisialta, eacnamaíoch agus pearsanta a chur chun cinn" (Tovey and Share, 2003:188). Cad a nochtann anailísí socheolaíocha ar an oideachas faoi chumhacht agus éagothroime i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann?

9. Cé na gnéithe dearfacha agus diúltacha a bhaineann le domhandú? Pléigh roinnt de na fadhbanna AGUS na deiseanna a eascraíonn ón domhandú do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann.